

Forbairtí eacnamaíocha, airgeadais agus airgeadaíochta

Achoimre

Ag a cruinniú ar an 10 Meán Fómhair 2026, chinn an Chomhairle Rialaithe na trí eochair-ráta úis de chuid BCE a ardú faoi 25 bhonnphointe. Leanann an choinbheacht sa Mheán-Oirthear de bhrúnna boilscithe a ghiniúint, agus meastar go leanfaidh boilsciú de bheith i bhfad os cionn na sprice ar feadh tréimhse fhadaíthe. Leis an gcinneadh chun rátaí úis a ardú, léirítear go bhfuil an Chomhairle Rialaithe meáite ar bheartas airgeadaíochta a leagan síos chun deimhin a dhéanamh de go gcobhsóidh an boilsciú ag an sprioc atá aici don mheántearma, mar atá, 2%.

Sa chás bonnlíne sna réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha ó fhoireann an Bhainc Ceannais Eorpaigh i mí Mheán Fómhair 2026 don limistéar euro, meastar go mbeidh an boilsciú príomha ag 3.0% in 2026 ar an meán, 2.5% in 2027 agus 2.1% in 2028. Maidir leis an mboilsciú gan fuinneamh agus bia san áireamh, meastar sa chás bonnlíne gur 2.5% ar an meán a bheidh ann in 2026, 2.6% in 2027 agus 2.3% in 2028. I gcomparáid leis na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha don limistéar euro ó fhoireann an Eurochórais mí an Mheithimh 2026, tá an réamh-mheastachán bonnlíne in 2026 gan athrú, fad atá athbhreithniú aníos déanta air do 2027 agus do 2028. Is ionann an réamh-mheastachán bonnlíne don fhás eacnamaíoch agus 0.9% do 2026, 1.4% do 2027 agus 1.5% do 2028. Is athbhreithniú aníos é seo do 2026 agus 2027 araon, rud a léiríonn go príomha athléimneacht níos mó ná mar a bhíodhas ag dréim leis i ngeilleagar an limistéir euro.

Tá an t-ionchas an-éiginnte fós, agus is ar an taobh thuas atá na rioscaí don bhoilsciú agus ar an taobh thíos don fhás eacnamaíoch. I ndáil leis an suaitheadh fuinnimh, léirítear sna cásanna nuashonraithe atá curtha le chéile ag an bhfoireann raon leathan torthaí a bheadh ann don fhás agus don bhoilsciú ag brath ar conas a d'fhorbróidís faoi thoimhdí éagsúla maidir le déine agus fad an tsuaite, mar aon le méid na n-éifeachtaí indíreacha agus dara babhta a bhaineann leis. Foilsíodh na cásanna sin mar chuid de [réamh-mheastacháin mhí Mheán Fómhair 2026](#) ar shuíomh gréasáin BCE.

Lena cinneadh an 10 Meán Fómhair, tá an Chomhairle Rialaithe in áit mhaith le dul i ngleic leis an éiginnteacht atá ann mar gheall ar an gcoinbheacht sa Mheán-Oirthear. Leanfaidh sí cur chuige atá ag brath ar shonraí agus cur chuige cruinniú ar chruinniú chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Go háirithe, beidh cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíocha agus airgeadais, na ndinimicí maidir le boilsciú foluiteach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

Gníomhaíocht eacnamaíoch

Chonacthas go raibh an geilleagar athléimneach sa dara ráithe de 2026, d'ainneoin constaicí a d'eascair as an suaitheadh fuinnimh. Bhí bonn leathan faoin bhfás ar fud na dtíortha agus na n-earnálacha. Is dócha gur lean an treocht sin ar aghaidh sa tríú ráithe. Tá ag éirí go maith leis an déantúsaíocht i gcónaí de réir mar a chaitheann rialtais níos mó airgid ar chosaint agus ar bhonneagar. Tá muinín na dtomhaltóirí tagtha chuici féin arís ó na leibhéil ísle, rud chuidíonn le seirbhísí teacht chucu féin arís ón suaitheadh fuinnimh tosaigh. Tá an ghníomhaíocht mhéadaithe a bhaineann leis an intleacht shaorga le feiceáil i seirbhísí digiteacha, in infheistíocht ghnó agus in onnmhairí.

Tá an margadh saothair láidir i gcónaí agus an ráta dífhostaíochta gan athrú i mí Iúil ag 6.4%. Leanann an fás ar fhostaíocht agus ar lucht saothair de bheith ag moilliú, fad atá méadú ag teacht de réir a chéile ar tháirgiúlacht.

Ag féachaint romhainn, tá feabhas tagtha ar an ionchas fáis sa ghearrthéarma i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin i mí an Mheithimh 2026, rud a léiríonn, go háirithe, athléimneacht an tomhaltais phríobháidigh agus an chaiteachais phoiblí. Sa mheántéarma, ba cheart go dtacódh praghsanna fuinnimh a laghdódh de réir a chéile agus margadh saothair láidir leis an tomhaltas. Beidh an fás á neartú de réir a chéile ag an infheistíocht ghnó agus tithíochta. Ba cheart go dtairbheodh an fás ar onnmhairí den éileamh méadaitheach eachtrach ach tá dúshlán iomaíochais agus éiginnteacht faoi bheartais trádála domhanda ina mbac air sin.

Tá gá le hathchóiriú struchtúrach le haghaidh fás ionchasach níos airde agus is gá go mbeidh airgeadas poiblí fóna mar bhonn taca faoi. Tá simpliú agus comhchuíbhíú rialacha ar fud Mhargadh Aonair AE, luasghéarú ar an aistriú fuinnimh agus cur i gcrích an aontais coigiltis agus infheistíochtaí ina ngnéithe ríthábhachtacha den mhéid sin. Agus an próiseas chun an creat dlíthiúil don euro digiteach a chomhaontú á chur ar aghaidh anois chuig an gcéim dheiridh, leag an Chomhairle Rialaithe béim athuair ar an tábhacht a bhaineann le comhaontú a bhaint amach a luaithe is féidir i ndáil leis an bpacáiste Airgeadra Aonair. Maidir le freagairtí fíoscacha don suaitheadh fuinnimh, ba cheart go mbeidís sealadach, spriocdhírthe agus saincheaptha.

Boilsciú

I mí Lúnasa 2026, tháinig méadú ar bhoilsciú go 3.3%, aníos ó 2.9% i mí Iúil. Tháinig méadú ar an mboilsciú ar phraghsanna fuinnimh go 14.3%, aníos ó 10.3% i mí Iúil. Is dócha go léiríonn an méadú seo, go háirithe, rannchuidiú láidir ó chorrlaigh scagtha ar bhreoslaí leachtachta, mar aon le praghsanna tráchtearraí fuinnimh níos airde. Bhí an boilsciú ar phraghsanna bia gan athrú ag 1.2%. Tháinig laghdú beag ar bhoilsciú gan fuinneamh agus bia san áireamh go 2.4%, ó 2.5% i mí Iúil, fad a tháinig méadú ar bhoilsciú earraí ó 0.9% go 1.2% agus laghdú ar bhoilsciú seirbhísí ó 3.3% go 3.0%.

Bhí formhór na dtomhas ar bhoilsciú bunúsach sách cobhsaí i mí Iúil. Níl freagairt ábhartha ar an suaitheadh fuinnimh le feiceáil i bpánna ag an bpointe seo. Tháinig fás ar an gcúiteamh in aghaidh an fhostaí de réir ráta bliantúil 3.3% sa dara ráithe de 2026, anuas ó 3.5% sa chéad ráithe. Tá táirgiúlacht mhéadaitheach saothair ag cuidiú le srian a choinneáil ar an bhfás ar chostais aonaid saothair freisin, ar tháinig moilliú air go 2.6% ó 3.5% sa chéad ráithe. Ag an tráth céanna, tháinig méadú ar an bhfás ar bhrabúis aonaid ó 0.3% go 2.2%. Ag féachaint romhainn, tugann rianaire pá BCE le fios go mbeidh méadú beag ar an bhfás idirbheartaithe ar phánnna go 2.7% sa chéad leath de 2027. Tá na hionchais bhoilscithe do thréimhsí níos giorra ag leibhéil ardaithe i gcónaí, ach is ionann formhór na dtomhas maidir le hionchais bhoilscithe níos fadtéarmaí agus tuairim is 2%, rud a thacaíonn le cobhsú an bhoilscithe thart ar an sprioc sa mheántearma.

Tá praghsanna fuinnimh ar chonair níos airde fós de thoradh na coinbhleachta sa Mheán-Oirthear agus de thoradh forbairtí le déanaí i gcogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Is dócha, dá bharr sin, go leanfaidh boilsciú príomha de bheith i bhfad os cionn na sprice uaidh seo go dtí an chéad leath de 2027. Ina dhiaidh sin, ba cheart go laghdódh boilsciú fuinnimh agus go mbeidh sé diúltach anuas go dtí lár na bliana 2028, rud a laghdóidh an boilsciú príomha. Meastar go gcuirfear praghsanna fuinnimh níos airde ar aghaidh de réir a chéile chuig an gcroí-bhoilsciú agus chuig an mboilsciú ar phraghsanna fuinnimh. Ba cheart go gcuirfeadh an t-ionchas eacnamaíoch feabhsaithe le méadu beag ar an gcroí-bhoilsciú freisin, agus meastar go leanfaidh sé sin de bheith ag ardú go dtí tús 2027 agus go bhfanfaidh sé ardaithe don chuid eile den bhliain sin sula maolódh sé arís in 2028. Ar an iomlán, meastar go bhfillfidh an boilsciú príomha thart ar an sprioc i dtreo dheireadh 2027, agus beidh éifeachtaí na rátaí úis níos airde ag tacú leis sin. Leanfaidh an Chomhairle Rialaithe d'fhaireachán géar a dhéanamh ar mhéid agus ar dhianseasmhacht an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh, agus ar an gcaoi ina gcuirtear ar aghaidh é chuig praghsanna agus socrú pánnna, ionchais bhoilscithe agus dinimic fhoriomlán eacnamaíoch.

Measúnú riosca

Tá na rioscaí don ionchas fáis tiontaithe ar an taobh thíos. Tá sé seo inchurtha, go háirithe, don choinbhleacht sa Mheán-Oirthear agus d'fhorbairtí i gcogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Dá mbeadh suaitheadh fadtéarmach ann arís do sholáthair fuinnimh, d'fhéadfadh go dtiocfadh méaduithe breise ar phraghsanna fuinnimh ar feadh tréimhse níos faide ná mar a táthar ag súil leis faoi láthair. Chuirfeadh sé seo isteach ar fhíorioncaim, ar chaiteachas agus ar infheistíocht. Dá rachadh meon an mhargaidh airgeadais dhomhanda nó iarmhairtí ar mhargaí bannaí domhanda in olcas, d'fhéadfadh dálaí creidmheasa níos déine teacht chun cinn, rud a mhaolódh an t-éileamh. Dá mbeadh athbhorradh faoin teannas trádála idir na mórgheilleagair, chuirfí isteach tuilleadh ar shlabhraí soláthair, laghdófaí onnmhairí agus lagófaí tomhaltas agus infheistíocht. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh fás níos airde a bheith i gceist dá rachadh an geilleagar agus na margaí fuinnimh in oiriúint, ar bhealach níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis, don suaitheadh arna eascairt as na coinbhleachtaí leanúnacha nó dá réiteofaí iad sin go pras agus go

hinbhuanaithe. Thairis sin, féadfar fás níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a spreagadh le glacadh teicneolaíochtaí nua ag gnólachtaí sa limistéar euro, agus le caiteachas ar chosaint agus ar bhonneagar, mar aon le hathchóirithe chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus chun Margadh Aonair AE a chur i gcrích.

Tá na rioscaí don ionchas boilscithe tiontaithe ar an taobh thuas. Tá sé seo inchurtha, go háirithe, don choinbhleacht sa Mheán-Oirthear agus d'fhorbairtí i gcogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. D'fhéadfadh go rachadh an suaitheadh fuinnimh in olcas agus go mbeadh a chuid éifeachtaí ar phraghsanna eile agus ar phánna níos láidre ná mar a táthar ag súil leis faoi láthair. D'fhéadfadh sé go mbeadh ardú ar phraghsanna gáis, go háirithe, dá mbeadh suaitheadh breise soláthair i gceist nó dá mbeadh geimhreadh an-fhuar ann i gcomhthráth le leibhéal ísle stórála. Dá fhaide a bheidh praghsanna arda fuinnimh ann, is ea is dóichí go gcuirfi brú aníos ar an mboilsciú níos leithne trí éifeachtaí indíreacha. Dá mbeadh teannais trádála ann athuair, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh slabhraí soláthair domhanda níos ilroinnte chun cinn, go gcuirfi srian le hamhábhair chriticiúla agus go rachadh srianta acmhainneachta i ngeilleagar an limistéir euro in olcas. D'fhéadfadh teagmhais adhaimsire, arna neartú ag dálaí géaraithe “El Niño”, agus na géarchéimeanna aeráide agus dúlra atá ag teacht chun cinn i gcoitinne, brú aníos thar mar a bhíothas ag súil leis a chur ar phraghsanna bia. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh boilsciú níos ísle a bheith i gceist dá ndéanfaí na coinbhleachtaí leanúnacha geopholaitiúla a réiteach go hinbhuanaithe nó nó mura mbeadh na héifeachtaí dara babhta ón suaitheadh le déanaí ar phraghsanna fuinnimh chomh suntasach is a bhíothas ag súil leis. D'fhéadfadh go gcuirfeadh margaí airgeadais atá níos luainí agus níos drogallaí roimh rioscaí isteach ar éileamh agus, dá bhrí sin, go laghdóidís boilsciú freisin.

Dálaí airgeadais agus airgeadaíochta

Tá méadú tagtha ar rátaí úis an mhargaidh ó chruinniú na Comhairle Rialaithe an 23 Iúil 2026, rud a fhreagraíonn do ghluaiseachtaí comhchosúla sna margaí domhanda. I ndiaidh an mhéadaithe ar an ráta úis i mí an Mheithimh 2026, tá méadú tagtha ar rátaí iasachtaithe na mbanc do ghnólachtaí go 3.8% i mí an Mheithimh agus mí Iúil, aníos ó 3.6% i mí Bealtaine. B'ionann costas an fhiachais chorparáidigh mhargadhbhunaithe agus 4.0% i mí Iúil a bhí comhchosúil leis na míonna roimhe sin agus go mór os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an gcoinbhleacht sa Mheán-Oirthear. Maidir leis an ráta bliantúil fáis ar iasachtú na mbanc do ghnólachtaí, rud a fhreagraíonn de ghnáth d'athruithe ar bheartas airgeadaíochta le moill níos faide, tháinig méadú breise air go 4.4% i mí Iúil, ó 4.0% i mí Bealtaine agus i mí an Mheithimh. B'ionann an ráta bliantúil fáis ar eisiúint bannaí corparáideacha agus 3.4%, anuas ó 3.6% i mí an Mheithimh agus 3.3% i mí Bealtaine. Bhí rátaí morgáiste gan athrú i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, eadhon 3.5%, fad a tháinig maolú ar an bhfás ar iasachtú morgáiste go 3.0% i mí Iúil, ó 3.1% i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh.

Cinntí beartais airgeadaíochta

Ag a cruinniú ar an 10 Meán Fómhair 2026, chinn an Chomhairle Rialaithe na trí eochair-ráta úis de chuid BCE a ardú faoi 25 bhonnphointe. Dá réir sin, méadaíodh na rátaí úis ar an tsaoráid taisce, ar na príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus ar an tsaoráid iasachta imeallach go 2.50%, 2.65% agus 2.90% faoi seach, le héifeacht ón 16 Meán Fómhair 2026.

Tá punann an chláir ceannaithe sócmhainní agus an chláir ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paidéime ag laghdú ag ráta tomhaiste intuartha, toisc nach ndéanann an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime ar fad ó urrúis atá ag teacht in aibíocht a athinfheistiú a thuilleadh.

Conclúid

Tá an Chomhairle Rialaithe meáite ar an mbeartas airgeadaíochta a shocrú chun a chinntiú go gcobhsóidh an boilsciú ag a sprioc don mheántearma arb ionann í agus 2%. Leanfaidh sí cur chuige atá ag brath ar shonraí agus cur chuige cruinniú ar chruinniú chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Beidh cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíocha agus airgeadais, na ndinimicí maidir le boilsciú bunúsach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

I gcás ar bith, tá an Chomhairle Rialaithe réidh lena hionstraimí uile a choigeartú laistigh dá sainordú chun a chinntiú go gcobhsóidh boilsciú ar a sprioc mheántéarmach ar bhonn inmharthana agus chun tarchur rianúil beartais airgeadaíochta a chosaint.

